- (w) PT Pupuk Indonesia (Persero), cé is moite dá ghníomhaíochtaí a bhaineann le leasachán fóirdheonaithe a sholáthar de bhun Rialachán Uimhir 4 ón Aire Trádála, Bliain 2023, maidir le Leasachán Fóirdheontais le haghaidh na hEarnála Talmhaíochta a Sholáthar agus a Dháileadh, agus Rialachán Uimhir 10 ón Aire Talmhaíochta, Bliain 2022, maidir leis an Sásra um Sholáthar, Leithdháileadh agus Uasphraghas Miondíola Leasachán Fóirdheontais le haghaidh na hEarnála Talmhaíochta, lena n-áirítear aon leasú amach anseo.

4. D'ainneoin mhír 3 den Iarscríbhinn seo, ní bheidh feidhm ag pointe (a) d'Airteagal 13.17(2) maidir le gníomhaíochtaí tráchtála fiontar faoi úinéireacht stáit, a bhaineann le ceannach earraí nó seirbhísí arna dhéanamh chun sainordú seirbhíse poiblí a chomhlíonadh mar a liostaítear go príomha i mír 3. Tabharfaidh an Indinéis fógra don Aontas faoi aon athrú ar shainordú seirbhíse poiblí den sórt sin mar a thuairiscítear i liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit i mír 3 den Iarscríbhinn seo.

5. Féadfaidh an Indinéis fiontair faoi úinéireacht stáit a chur leis an liosta i mír 3 den Iarscríbhinn seo. Má chuirtear fiontar leis an liosta, beidh sé sin faoi réir a athbhreithnithe ag an gCoiste Trádála bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo agus gach 3 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin. Tar éis an athbhreithnithe sin nó arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, féadfaidh an Coiste Trádála cinneadh a dhéanamh an liosta i mír 3 den Iarscríbhinn seo a leasú de bhun Airteagal 24.2.

LIOSTA NA nEARRAÍ FUINNIMH

1. gás nádúrtha, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe, gás peitríliam leachtaithe (GPL),
(Cód CC 27.11);
2. leictreachas (CC 27.16);
3. amhola (HS 27.09 - 27.10);
4. breoslaí soladacha (CC 27.01, 27.02, 27.04);
5. bithghás (CC 38.25); agus
6. bithdhíosal (CC 38.26).

LIOSTA NA nAMHÁBHAR

1. salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin (CC 25);
2. Mianta, slaig agus luaith (CC 26), cé is moite d'úrániam agus tóiriam (CC 26.12), ach lena n-áirítear monaisít (CC 26.12.20.10);
3. earraí a chuimsítear in CC 27;
4. ceimiceáin neamhorgánacha (CC 28), cé is moite d'eilimintí radaighníomhacha agus iseatóip (CC 28.44, 28.45);
5. ceimiceáin orgánacha (CC 29) cé is moite de shainearraí cógaisíochta agus ceimiceáin;
6. leasacháin (CC 31);
7. graifít (CC 38011000);
8. tionscnóirí imoibriúcháin, luasairí imoibriúcháin agus ullmhóidí cataleíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile: inarb í an nicil nó inar comhdhúile nicile í an tsubstaint ghníomhach (CC 3815 11 00);
9. rubar nádúrtha (CC 40);

10. seithí amha, craicne agus leathar (CC 41);
 11. laíon adhmaid (CC 47); agus
 12. táirmhíotail agus míotail lómhara agus mianraí próiseáilte (ex CC 71, 72; 74–76; 78–81).
-

RIALACHA NÓS IMEACHTA

I. Fógraí

1. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile (dá ngairtear ‘fógra’ anseo feasta):

- (a) ón bpainéal, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;
- (b) ó Pháirtí agus a mbeidh an painéal ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus
- (c) ó Pháirtí a mbeidh an Páirtí eile ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.

Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta.

2. Direofar gach fógra chuig Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um an Trádáil agus chuig Aireacht na hIndinéise atá freagrach as an trádáil.

3. Mionearráidí de chineál cléireachais i bhfógra a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar na hathruithe go soiléir.
4. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais nó Rialtas na hIndinéise an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin. Chun tús agus deireadh lae féilire a chinneadh, beidh feidhm ag amchrios an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

II. Painéalaithe a cheapadh

5. Más rud é, de bhun Airteagal 22.6, go roghnófar painéalaí trí chrannchur, déanfaidh comhchathaoirleach Choiste Trádála an Pháirtí is gearánach dáta, am agus ionad an chrannchuir a chur in iúl go pras do chomhchathaoirleach Choiste Trádála an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Féadfaidh an Páirtí a ndearnadh an gearán ina aghaidh a bheith i láthair le linn an roghnaithe trí chrannchur, má roghnaíonn sé amhlaidh. In aon chás, déanfar an roghnú trí chrannchur leis an bPáirtí nó na Páirtithe a bheidh i láthair.
6. Tabharfaidh comhchathaoirleach Choiste Trádála an Pháirtí is gearánach fógra i scríbhinn, lena n-áirítear go leictreonach, faoi gach duine a roghnaíodh chun feidhmiú mar phainéalaí. Dearbhóidh gach duine aonair don dá Pháirtí go bhfuil sé ar fáil, agus déanfaidh sé sin laistigh de na 5 lá tar éis an dáta a gheofar an fógra sin.

7. Chun críocha Airteagal 22.6, déanfaidh comhchathaoirleach Choiste Trádála an Pháirtí is gearánach an painéalaí nó an cathaoirleach a roghnú trí chrannchur:

- (a) mura bhfuil foliosta dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) d'Airteagal 22.7(2) bunaithe go fóill, as na daoine sin a mhol Páirtí go foirmiúil mar phainéalaithe dá fholiosta nó, ina n-éagmais sin, as na daoine a mhol an Páirtí eile go foirmiúil d'fholiosta an Pháirtí sin;
- (b) mura bhfuil an foliosta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 22.7(2) bunaithe go fóill, as na daoine a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil le haghaidh fholiosta na gcathaoirleach.

III. Speansais

8. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú, ar a dhéanaí faoin am a ghlacfaidh na painéalaithe uile a gceapachán i gcomhréir le hAirteagal 22.6(6), maidir le luach saothair agus speansais na bpainéalaithe agus na gcúntóirí, ullmhóidh siad aon chonradh ceapacháin is gá, agus áiríteoidh siad go síneofar go pras iad. Féadfaidh an Coiste Trádála cinneadh a ghlacadh lena leagfar amach na paraiméadair nó mionsonraí eile maidir le luach saothair agus speansais painéalaithe agus an idirghabhálaí, lena n-áirítear aon chostas gaolmhar a d'fhéadfaí a thabhtú sna himeachtaí painéil. Mura bhforáiltear a mhalairt i gcinneadh den sórt sin, beidh luach saothair agus speansais na bpainéalaithe bunaithe ar chaighdeán EDT. Ní mó ná 50 % de luach saothair painéalaí a bheidh sa mhéid luacha saothair a íocfar le cúntóir nó cúntóirí an phainéalaí sin. Beidh feidhm ag an Riail sin maidir le hidirghabhálaithe *mutatis mutandis*.

IV. Cruinniú eagrúcháin

9. Mura gcomhaontófar a mhalairt, buailfidh na Páirtithe leis an bpainéal laistigh de 7 lá tar éis a bhunaithe chun na hábhair is iomchuí dar leis na Páirtithe nó an painéal a chinneadh, lena n-áirítear nósanna imeachta oibre agus tráthchlár na n-imeachtaí.

Féadfaidh painéalaithe agus ionadaithe na bPáirtithe páirt a ghlacadh sa chruinniú sin trí aon mhodh iomchuí, lena n-áirítear guthán, físchomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile.

V. Teachtaireachtaí i scríbhinn

10. Cuirfidh an Páirtí is gearánach a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil. Cuirfidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta a gheofar aighneacht i scríbhinn an Pháirtí is gearánach.

11. Má ardaíonn an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh saincheisteanna nó cosaintí nua nár thug an Páirtí is gearánach aghaidh orthu, féadfaidh an Páirtí is gearánach a roghnú an dara haighneacht i scríbhinn a sheachadadh laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an chéad aighneacht i scríbhinn ón bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Déanfaidh an Páirtí is gearánach measúnú féachaint an leor an tairbhe a bhaineann leis an dara haighneacht i scríbhinn nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an moill bhreise a bheadh ann. Sa chás sin, féadfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a fhreagra a chur isteach laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an dara haighneacht i scríbhinn ón bPáirtí is gearánach.

VI. Oibriú an phainéil

12. Is é cathaoirleach an phainéil a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh an painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.

12A. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCaibidil 22 (Réiteach Díospóidí) nó sa Iarscríbhinn seo, féadfaidh an painéal a ghníomhaíochtaí a dhéanamh trí aon mhodh iomchuí, lena n-áirítear guthán, físchomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile.

13. Ní fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i bpléití an phainéil ach painéalaithe, ach féadfaidh an painéal cead a thabhairt dá gcúntóirí a bheith i láthair le linn na bpléití.

14. Leanfaidh dréachtú aon chinneadh nó tuarascáil de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil agus ní dhéanfar é a tharmligean.

15. I gcás ina dtiocfaidh ceist nós imeachta chun cinn nach gcumhdaítear le Caibidil 22 (Réiteach Díospóidí) ná na hIarscríbhinní a ghabhann léi, féadfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh a bheidh comhoiriúnach leis na forálacha sin.

16. Má mheasann an painéal go bhfuil gá le haon cheann de na tréimhsí ama le haghaidh na n-imeachtaí a mhodhnú seachas na tréimhsí sin a leagtar amach i gCaibidil 22 (Réiteach Díospóidí) nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin a dhéanamh, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear go leictreonach, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, maidir leis na cúiseanna a bheidh leis an modhnú nó leis an gcoigeartú, agus an tréimhse ama nó an coigeartú is gá. Féadfaidh aon Pháirtí coigeartuithe nós imeachta nó riaracháin den sórt sin a mholadh don phainéal.

VII. Ionadú

17. I gcás ina measann Páirtí nach gcomhlíonann painéalaí ceanglais Iarscríbhinn 22-B (Cód Iompair le haghaidh Painéalaithe agus Idirghabhálaithe) agus ar an gcúis sin gur cheart é a ionadú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá ón am a fuair sé fianaise leordhóthanach ar neamhchomhlíonadh cheanglais Iarscríbhinn 22-B (Cód Iompair le haghaidh Painéalaithe agus Idirghabhálaithe) atá curtha i leith an eadránaí.

18. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá ón dáta a gheofar an fógra dá dtagraítear i Riail 17. Cuirfidh siad in iúl don phainéalaí maidir leis an mainneachtain atá curtha ina leith agus féadfaidh siad a iarraidh ar an bpainéalaí bearta a dhéanamh chun an mhainneachtain sin a leigheas. Féadfaidh siad, más rud é go gcomhaontaíonn siad amhlaidh, an painéalaí a bhaint amach agus painéalaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 22.6.

19. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá painéalaí seachas an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid chathaoirleach an phainéil agus ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an chathaoirligh.

I gcás ina gcinntí an cathaoirleach nach gcomhlíonann an painéalaí ceanglais Iarscríbhinn 22-B (Cód Iompair le haghaidh Painéalaithe agus Idirghabhálaithe), bainfear an painéalaí sin agus roghnófar painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 22.6.

20. Mura n-éireoidh leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid duine de na daoine eile ar fholiosta na gcathaoirleach arna bhunú de bhun Airteagal 22.7. Is é Comhchathaoirleach an Choiste Trádála ón bPáirtí iarrthach, nó toscaire an chomhchathaoirligh sin, a roghnóidh ainm an duine trí chrannchur. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá an cathaoirleach a ionadú.

Má chinneann an duine sin nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais Iarscríbhinn 22-B (Cód Iompair le haghaidh Painéalaithe agus Idirghabhálaithe), bainfear an cathaoirleach agus roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 22.6.

VIII. Éisteachtaí

21. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le Riail 9 den Iarscríbhinn seo, agus tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na painéalaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí ina mbeidh an éisteacht ar siúl an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin i gcás ina mbeidh an éisteacht dúnta don phobal.

22. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más í an Indinéis an Páirtí is gearánach, agus is in Iacárta a bheidh sé más é an tAontas Eorpach é an Páirtí is gearánach. Seasfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh na costais a thagann as riar lóistíochta na héisteachta.

22A. D'ainneoin Riail 22, féadfaidh an painéal a chinneadh, arna iarraidh sin do Pháirtí, éisteacht fhíorúil nó éisteacht hibrídeach a thionól agus socruithe iomchuí a dhéanamh, agus cearta próise cuí agus an gá le trédhearcacht a áirithiú á gcur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 22.34.

23. Féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionóladh má thagann na Páirtithe ar chomhaontú faoi sin.

24. Beidh na painéalaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

25. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, bíodh an éisteacht ar oscailt don phobal nó ná bíodh:

- (a) ionadaithe Páirtí;
- (b) comhairleoirí;
- (c) cúntóirí agus foireann riaracháin;
- (d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil; agus
- (e) saineolaithe, mar a chinnfidh an painéal de bhun Airteagal 22.22(2).

26. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal agus chuig an bPáirtí eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

27. Stiúrfaidh an painéal an éisteacht ar an mbealach seo a leanas, agus é á áirithiú aige go mbeidh an méid ama céanna ag an bPáirtí is gearánach agus ag an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh an argóint agus an argóint friséise araon a chur i láthair:

- (a) Argóint
 - (i) argóint an Pháirtí is gearánach;
 - (ii) argóint an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

(b) Argóint Frisnéise

- (i) freagra an Pháirtí is gearánach;
- (ii) frithfhreagra an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

28. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.

29. Déanfaidh an painéal socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn nó taifeadadh físe agus fuaime ar an éisteacht a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn nó faoin taifeadadh físe agus fuaime, agus féadfaidh an painéal na barúlacha sin a mheas agus aon leagan athbhreithnithe den tras-scríbhinn a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir. Déanfar an costas a bhaineann le tras-scríbhinn iomlán nó taifeadadh físe agus fuaime a roinnt go comhpháirteach idir na Páirtithe.

30. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

IX. Ceisteanna i scríbhinn

31. Féadfaidh an painéal, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.

32. Cuirfidh gach páirtí cóip dá fhreagraí ar fáil don Pháirtí eile ar na ceisteanna a chuir an painéal faoina bhráid. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de 6 lá tar éis an chóip sin a fháil.

X. Rúndacht

33. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach Páirtí agus an painéal le haon fhaisnéis a cháilíonn mar fhaisnéis rúnda de bhun Riail 33A. I gcás ina ndéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda a chur faoi bhráid an phainéil, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht eile a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus a d'fhéadfadh a nochtadh don phobal.

33A. Is éard atá i bhfaisnéis rúnda:

- (a) faisnéis rúnda gnó;
- (b) faisnéis atá cosanta ar a bheith curtha ar fáil don phobal faoin gComhaontú seo;
- (c) faisnéis atá cosanta ar a bheith curtha ar fáil don phobal, i gcás faisnéis de chuid an Pháirtí is gearánach, faoi dhlí an Pháirtí is gearánach, agus i gcás faisnéis de chuid an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, faoi dhlí an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh; nó
- (d) faisnéis lena gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí dá nochtfaí í.

Má easaontaíonn na Páirtithe maidir le cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn faisnéis mar fhaisnéis rúnda, déanfaidh an painéal cinneadh, arna iarraidh sin do Pháirtí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe.

34. Ní chuirfidh an Iarscríbhinn seo aon bhac ar Pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé, agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí sin, aon fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí eile ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

35. Is i seisiún dúnta a thiocfaidh an painéal le chéile más faisnéis rúnda a bhíonn in aighneacht agus in argóintí an Pháirtí. Más i seisiún dúnta a thionólfar éisteachtaí an phainéil, coinneoidh na Páirtithe rúndacht na n-éisteachtaí sin.

XI. Teagmhálaithe *ex parte*

36. Ní thiocfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.

37. Ní phléifidh painéalaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na painéalaithe eile a bheith i láthair.

37A. Ní bheidh aon teagmháil ag Páirtí le painéalaí. Aon teagmháil idir Páirtí agus duine atá á mheas lena roghnú mar phainéalaí, beidh an teagmháil sin teoranta do shaincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin agus leis an gceapachán.

XII. Aighneachtaí *amicus curiae*

38. Féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Pháirtí, agus iad neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

- (a) go bhfaighidh an painéal na haighneachtaí faoi dháta a chinntídh an painéal eadrána agus dáta nach déanaí ná an dáta a socraíodh don chéad aighneacht i scríbhinn ón bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh;

- (b) go bhfuil na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;
- (c) go bhfuil na haighneachtaí ábhartha go díreach maidir le saincheist fhíorasach nó dhlíthiúil atá á breithniú ag an bpainéal agus go míníonn an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann conas a chuideodh an aighneacht leis an bpainéal an tsaincheist fhíorasach nó dhlíthiúil sin a chinneadh trí dhearcadh, eolas ar leith, nó léargas atá éagsúil le dearcadh na bPáirtithe a thabhairt;
- (d) go bhfuil cur síos sna haighneachtaí ar an duine a dhéanfaidh an aighneacht, lena n-áirítear, i gcás duine nádúrtha, a náisiúntacht agus, i gcás duine dhlítheanaigh, áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinsí maoinithe;
- (e) go sonrófar sna haighneachtaí cad é an cineál leasa atá ag an duine sna himeachtaí painéil; agus
- (f) go bhfuil siad dréachtaithe sa teanga oibre a cinneadh i gcomhréir le Riail 42 den Iarscríbhinn seo.

Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú na coinníollacha i bpointí (a) go (f) a mhodhnú laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil.

39. Seolfar na haighneachtaí chuig na Páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu. Féadfaidh na Páirtithe barúlacha a chur faoi bhráid an phainéil laistigh de 10 lá tar éis na haighneachtaí a fháil.

40. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí go léir a fuair sé de bhun Riail 38 den Iarscríbhinn seo. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin. Má thugann an painéal aghaidh ar na hargóintí a rinneadh iontu, cuirfidh sé san áireamh freisin aon bharúil a thabharfaidh na Páirtithe de bhun Riail 39 den Iarscríbhinn seo.

XIII. Cásanna práinne

41. I gcásanna práinne dá dtagraítear in Airteagal 22.11, déanfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, na tréimhsí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a choigeartú, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an painéal fógra do na Páirtithe faoi na coigeartuithe sin.

XIV. Aistriúchán agus ateangaireacht

42. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 22.4, agus tráth nach déanaí ná an cruinniú dá dtagraítear i Riail 9 den Iarscríbhinn seo, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil. Mura mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre, is í an teanga ina ndearnadh an Comhaontú a chaibidliú a bheidh ina teanga oibre le haghaidh an nós imeachta painéil.

43. Má chuireann Páirtí doiciméad isteach i dteanga nach í an teanga oibre í, cuirfidh sé isteach aistriúchán air i dteanga oibre an tráth céanna ar a chostas féin.

44. Eiseofar tuarascálacha agus cinntí an phainéil sa teanga oibre.

45. Féadfaidh aon Pháirtí barúlacha a sholáthar faoi chruinneas an aistriúcháin ar aon doiciméad sa teanga oibre i gcomhréir le Riail 43.

XV. Nósanna imeachta eile

46. Déanfar na tréimhsí ama a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí ama speisialta dá bhforáiltear chun go nglacfaidh an painéal tuarascáil nó cinneadh sna himeachtaí faoi Airteagail 22.15, 22.16, 22.17, 22.18 agus 22.19.

CÓD IOMPAIR LE hAGHAIDH PAINÉALAITHE AGUS IDIRGHABHÁLAITHE

I. Prionsabail rialaithe

1. Chun sláine agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir agus gach painéalaí an méid a leanas:
 - (a) gheobhaidh sé eolas ar an Iarscríbhinn seo;
 - (b) beidh sé neamhspleách neodrach;
 - (c) seachnóidh sé gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;
 - (d) seachnóidh sé mí-iompar agus claontacht agus dealramh mí-iompair nó claontachta;
 - (e) cloífidh sé le hardchaighdeáin iompair; agus
 - (f) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, ceisteanna polaitíochta, thuairimí an phobail, dílseachta do Pháirtí ná eagla a cháinte.
2. Ní rachaidh aon phainéalaí faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le haon sochar a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgais, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin.

3. Ní úsáidfidh aon phainéalaí a stádas mar chomhalta den phainéal chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn. Seachnóidh gach painéalaí aon ghníomhaíocht a spreagfadh an bharúil go bhfuil cumas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air.

4. Áiríteoidh gach painéalaí nach mbeidh tionchar ar a iompar ná a bhreithiúnas ag caidreamh ná dualgais atá nó a bhí aige, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, pearsanta ná sóisialta.

5. Seachnóidh gach painéalaí aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfaidh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist.

II. Oibleagáidí maidir le nochtadh

6. Sula nglacfaidh painéalaí lena cheapachán mar phainéalaí de bhun Airteagal 22.6, déanfaidh iarrthóir ar a n-iarrtar feidhmiú mar phainéalaí a nochtadh i scríbhinn aon leas, aon chaidreamh nó aon ábhar ar dócha go ndéanfaidh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh dealramh a chruthú le réasún go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist sna himeachtaí. Chuige sin, déanfaidh an t-iarrthóir gach iarracht réasúnta chun bheith ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh agus aon ghnó den chineál sin, lena n-áirítear leasanna airgeadais, gairme, fostaíochta nó teaghlaigh.

7. Is oibleagáid bhuan í an oibleagáid faoi Riail 6 maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar gach painéalaí aon leas, aon chaidreamh nó aon ghnó den chineál sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn aon tráth le linn na n-imeachtaí a nochtadh.

8. Déanfaidh iarrthóir nó painéalaí aon ábhar a bhaineann le sáruithe iarbhir nó féideartha ar an Iarscríbhinn seo a chur in iúl i scríbhinn don Choiste Trádála lena bhreithniú a luaithé a thagann sé ar an eolas faoi.

III. Dualgais na bpainéalaithe

9. Tar éis dó glacadh lena cheapachán, beidh painéalaí in ann tosú ar a dhualgais agus cuirfidh sé i gcrích iad go cuimsitheach agus go héifeachtach ó le linn na n-imeachtaí, agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.

10. Is iad na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna himeachtaí agus ar gá iad le haghaidh cinnidh nó tuarascála, agus na saincheisteanna sin amháin, a scrúdóidh an painéalaí. Ní dhéanfaidh painéalaí an dualgas sin a tharmligean chuig aon duine eile, ach amháin mar a fhoráiltear i Rial 12 d'Iarscríbhinn 22-A (Rialacha Nós Imeachta).

11. Déanfaidh painéalaí gach beart iomchuí chun a áirithiú go mbeidh a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin ar an eolas faoi oibleagáidí na bpainéalaithe faoi Chodanna I, II, III, IV agus V den Iarscríbhinn seo agus go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí sin.

IV. Oibleagáidí iarphainéalaithe

12. Seachnóidh gach iarphainéalaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go raibh siad claonta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain siad buntáiste as aon chinneadh nó as aon tuarascáil ón bpainéal.

13. Comhlíonfaidh gach iarphainéalaí na hoibleagáidí i gCuid V den Iarscríbhinn seo.

V. Rúndacht

14. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, aon fhaisnéis a nochtadh ar faisnéis rúnda nó nach faisnéis phoiblí í a bhaineann leis na himeachtaí nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh an painéalaí ina leith. Ní dhéanfaidh painéalaí, in aon chás, an fhaisnéis sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil nó buntáiste a fháil do dhaoine eile ná chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

15. Ní nochtfaidh painéalaí cinneadh nó tuarascáil ón bpainéal ná codanna díobh sula bhfoilseofar iad i gcomhréir le Caibidil 22 (Réiteach Díospóidí).

16. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, pléití an phainéil, ná aon tuairim painéalaí, a nochtadh ná ní dhéanfaidh sé aon ráiteas ar na himeachtaí ar ceapadh é ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí, seachas a mhéid a éilítear leis an dlí.

VI. Speansais

17. Coinneoidh gach painéalaí taifead ar an am a chaith sé ar na himeachtaí agus ar na speansais a bhain leo, chomh maith le ham agus speansais a gcúntóirí agus a bhfoireann riaracháin, agus tabharfaidh sé cuntas críochnaitheach orthu.

VII. Idirghabhálaithe

18. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE hAONTAIS CHUSTAIM
DE BHUN CHAIBIDIL 25

1. Meabhraíonn an tAontas an oibleagáid atá ar na tíortha sin a bhunaigh aontas custaim leis an Aontas a gcóras trádála a ailíniú le córas trádála an Aontais agus, i gcás tíortha áirithe díobh, comhaontuithe fabhracha a thabhairt i gcrích le tíortha a bhfuil comhaontuithe fabhracha acu leis an Aontas.
2. Sa chomhthéacs sin, agus d’fhonn comhaontú déthaobhach cuimsitheach a thabhairt i gcrích lena mbunófar limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994, tugann na Páirtithe dá n-aire go gcuirfidh an Indinéis tús le caibidlíocht leis na tíortha sin:
 - (a) a bhfuil aontas custaim bunaithe acu leis an Aontas; agus
 - (b) nach mbaineann a dtáirgí aon tairbhe as na lamháltais taraife faoin gComhaontú seo.

Cuirfidh an Indinéis tús leis an gcaibidlíocht a luaithe is féidir d’fhonn go dtiocfaidh na comhaontaithe thuasluaite i bhfeidhm a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
